



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséal, 23 Aibreán 2015
(OR. en)

EUCO 18/15

CO EUR 4

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na toscaireachtaí

Ábhar: Cruinniú urghnách de chuid na Comhairle Eorpaí (an 23 Aibreán 2015)
- Ráiteas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal an Ráiteas a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

1. Tá an staid mar atá sa Mheánmhuir ina tragóid. Déanfaidh an tAontas Eorpach a seacht ndícheall tuilleadh básanna ar muir a chosc agus dul i ngleic leis na bunchúiseanna leis an éigeandáil dhaonnúil atá os ár gcomhair, i gcomhar leis na tíortha tionscnaimh agus na tíortha idirthurais. Tabharfaimid tús áite do theacht ar bhealaí le bás níos mó daoine ar muir a chosc.
2. Chinneamar, dá bhrí sin, ár láithreacht ar muir a neartú, chun na gáinneálaithe a chomhrac, chun sreabha imirce neamhdhleathacha a chosc agus chun an dlúthpháirtíocht inmheánach agus an fhreagracht a threisiú. Ráite go gcruthaítear leis an éagobhsaíocht sa Libia timpeallacht fhoirfe do ghníomhaíochtaí coiriúla na ngáinneálaithe, tacóimid go gníomhach le gach iarracht de chuid na Náisiún Aontaithe chun údarás rialtais a chur ar bun an athuair sa Libia. Cuirfimid dlús lenár gcuid iarrachtaí chun dul i ngleic le coinbhleacht agus leis an éagobhsaíocht mar phríomhthosca brú i ndáil leis an imirce, lena n-áirítear sa tSiria.
3. Cuirimid de cheangal orainn féin inniu:

Ár láithreacht ar muir a threisiú

- a) Oibríocht Triton agus Oibríocht Poseidon de chuid an Aontais a threisiú go pras trí na hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun na críche sin ar a laghad a iolrú faoi thrí in 2015 agus in 2016, agus líon na sócmhainní atá ar fáil a threisiú, agus ar an mbealach sin féidearthachtaí cuardaigh agus tarrthála laistigh de shainordú FRONTEX a mhéadú. Fáiltimid roimh na gealltanais a rinne na Ballstáit cheana féin, lena mbeimid in ann an cuspóir thuas a bhaint amach sna seachtainí romhainn;

Gáinneálaithe a chomhrac i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta

- b) líonraí gáinneálaithe a shuaitheadh, na déantóirí coire a thabhairt os comhair na cúirte agus a gcuid sócmhainní a urghabháil trí ghníomhaíocht phras ó údaráis na mBallstát i gcomhar le EUROPOL, le FRONTEX, leis an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) agus le EUROJUST, agus, chomh maith leis sin, trí chomhar faisnéise méadaithe agus trí chomhar póilíneachta méadaithe le tríú tíortha;
- c) iarrachtaí córasacha a dhéanamh chun soithí a shainaithint, a ghabháil agus a scriosadh sula mbainfidh gáinneálaithe úsáid astu;

- d) Ag an am céanna, iarrtar ar an Ardionadaí ullmhúcháin a dhéanamh láithreach i gcomhair oibríocht CBSC a d'fhéadfadh a bheith ann, chun na críche sin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- e) EUROPOL a úsáid chun ábhar ar an Idirlíon a bhrath agus chun a iarraidh go mbainfí den Idirlíon an t-ábhar céanna, ar ábhar é a úsáideann gáinneálaithe chun imircigh agus dídeanaithe a mhealladh, i gcomhréir le bunreachtanna náisiúnta;

Sreabha imirce neamhdhleathacha a chosc

- f) tacaíocht a mhéadú don Túinéis, don Éigipt, don tSúdáin, do Mhailí agus don Nígir i measc tíortha eile chun faireachán a dhéanamh ar na teorainneacha talún agus ar na bealaí de thalamh, agus iad a rialú, ag cur le hoibríochtaí reatha CBSC sa réigiún, agus le creataí comhair réigiúnacha (próiseas Rabat agus próiseas Khartoum); dlús a chur le hidirphlé leis an Aontas Afracach ar gach leibhéal maidir leis na saincheistanna sin go léir;
- g) ár gcomhar polaitiúil a athneartú lenár gcuid comhpháirtithe Afracacha ar gach leibhéal chun dul i ngleic le bunchúis na himirce neamhdhleathaí agus chun troid i gcoinne smuigléireacht agus gainneáil a bheith á ndéanamh ar dhaoine daonna. Ardóidh an tAontas Eorpach na ceistanna seo leis an Aontas Afracach agus leis na príomhthíortha lena mbaineann, a mbeidh sé á mholadh againn cruinniú mullaigh a bheith againn leo sna míonna amach anseo;
- h) dlús a chur leis an gcomhar leis an Tuirc i bhfianaise staid na Siria agus na hIaráice;
- i) Oifigigh imirce Eorpacha a imlonnú i bpríomhthíortha chun faisnéis a bhailiú maidir le sreabha imirce, chun comhordú le hoifigigh náisiúnta idirchaidrimh, agus chun comhordú go díreach leis na húdaráis áitiúla;
- j) obair le páirtithe réigiúnacha chun acmhainní a fhorbairt i ndáil le bainistiú teorann muirí agus le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála;
- k) Cláir Forbartha Chosanta Réigiúnaí do Thuaisceart na hAfraice agus do Chorn na hAfraice a sheoladh;

- l) iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leas a bhaint as na huirlisí ar fad, lena n-áirítear trí chomhar don fhorbairt agus trí chomhaontuithe maidir le hathghlacadh isteach, de chuid an Aontais agus ar bhonn náisiúnta, a chur chun feidhme le tríú tíortha, chun imircigh eacnamaíocha neamhúdairithe a athghlacadh isteach i dtíortha a dtionscnamh agus i dtíortha idirthurais, ag obair go dlúth leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce;
- m) ag cloí leis an gceart chun tearmann a lorg, clár fillte nua a bhunú, a chomhordóidh FRONTEX, chun go mbeidh mear-fhilleadh ó Bhallstáit túslíne ann d'imircigh neamhdhleathacha;

An dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht á n-atreisiú ar bhonn inmheánach

- n) go ndéanfaidh na Ballstáit uile atá rannpháirteach an Comhchóras Eorpach Tearmainn a thrasú go pras agus ina iomláine agus é a chur chun feidhme go héifeachtach, agus comhchaighdeáin Eorpacha á n-áirithiú, sa chaoi sin, faoin reachtaíocht atá ann cheana féin;
 - o) cabhair éigeandála a mhéadú do na Ballstáit túslíne agus roghanna a mheas chun athlonnú éigeandála a eagrú idir na Ballstáit go léir ar bhonn deonach;
 - p) foirne ón Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) a imlonnú sna Ballstáit túslíne go ndéanfar iarratais ar thearmann a phróiseáil go comhpháirteach, lena n-áirítear clárú agus glacadh méarlorg;
 - q) treoirthionscadal deonach ar an athlonnú a bhunú, ar fud an Aontais Eorpaigh ina gcuirfear áiteanna ar fáil do dhaoine atá i dteideal a gcosanta.
4. Oibreoidh na hinstiúidí Eorpacha agus na Ballstáit láithreach ar chur chun feidhme na dtreoshuímh sin. An tseachtain seo chugainn, cuirfidh an tUachtarán agus an Coimisiún treochlár i láthair, lena leagfar amach an obair a dhéanfar suas go dtí mí an Mheithimh.
5. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ar Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, d'fhonn cur chuige don imirce atá níos sistéamaí agus níos cuimsithí ó thaobh geografaíochta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Leanfar den Chomhairle a choimeád ar an eolas faoin gcás agus déanfaidh sí dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na dtreoshuímh sin. Cuirfidh an Chomhairle agus an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh.